# COIMISIÚN NA SCRÚDUITHE STÁIT

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA FEIDHMÍ, **2025 SCRÚDÚ PRAITICIÚIL**

**Le bheith comhlánaithe agus curtha ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit faoin 25 Deireadh Fómhair 2024.**

Ceangail Grianghraf anseo Éigeantach

**1.** Luaigh thíos, **in ord tosaíochta** (1, 2, 3 etc.), an t-ábhar/na hábhair inar mian leat go ndéanfar tú a mheas do cheapachán.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Óstán, Lónadóireacht & Turasoireacht | | Gruaig & Sciamh | | Staidéar Fóillíochta Gníomhaí | |
| Innealtóireacht | | Riarachán Oifige & Cúram Custaiméirí | | Ceardaíocht & Dearadh | |
| Cúram Leanaí/ Cúram Pobail | | Talmhaíocht & Gairneoireacht | | | |
| Grafaic & Staidéar Foirgníochta | | Teicneolaíocht | | | |

**UIMHIR P.S.P.** - REATHA

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | |

UIMHIR P.S.P. roimhe seo, más ann di

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | |

Sloinne (Bloclitreacha) ____________________

Seoladh Baile ____________________

Céadainm(neacha) ____________________

____________________

Má bhain tú úsáid as sloinne eile roimhe seo, cuir in iúl é le do thoil: ____________________

Baile is Gaire & Fad ____________________

R-phost ____________________ Éirchód ____________________

Dáta Breithe: ____________ Fón (Baile) ____________ Fón Póca ____________ Fón (Scoil) ____________

**Uimhir na Comhairle Múinteoireachta**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | |

**Dáta Athnuachana (ll/mm/bb)**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

Beidh na sonraí clárúcháin faoi réir a bheith fíoraithe le Comhairle Mhúinteoireachta na hÉireann.

An bhfuil tú ábalta scrúdú a chur as Gaeilge agus **toilteanach** é a dhéanamh más gá? Tá ☐ Níl ☐

**Uimhir Rolla na Scoile Reatha** ____________________

**Taithí Teagaisc** (An Scoil Reatha san Áireamh) (Cuir in iúl na huaireanta i n**gach** teanga le do thoil)

| **1. Ainm na Scoile Reatha** | Cáil (Lánaimseartha, Páirtaimseartha, Ionad, Dífhostaithe, etc.) | An dáta a thosaigh tú ag teagasc sa scoil seo, e.g. M.F. 2016 | Uaireanta teagaisc gach seachtain i n**gach** ábhar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat dó |
|---|---|---|---|
| | | | |
| **2. Ainmneacha Scoileanna Roimhe Seo (na cinn is déanaí)** | Cáil (Lánaimseartha, Páirtaimseartha, Ionad, Dífhostaithe, etc.) | Tabhair dátaí, e.g. 2006 – 2016 nó Ean. go Márta 2016, etc. | Uaireanta teagaisc gach seachtain i n**gach** ábhar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat dó |
| | | | |
| | | | |

An bhfuil **úsáid cairr** agat má cheaptar tú mar scrúdaitheoir? Tá ☐ Níl ☐

An bhfuil **garghaol** agat atá ag déanamh Scrúdú na Sraithe Sóisearaí nó na hArteistiméireachta/ATF in 2025? Tá ☐ Níl ☐
Má tá, tabhair sonraí iomlána thíos:

| Ainm iomlán | Ainm & Seoladh na Scoile | Dáta Breithe | Scrúdú | Gaol leat |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

An bhfuil tú ar scor? Tá ☐ Níl ☐ Bliain ☐ An bhfuil Pinsean Míchumais á fháil agat? Tá ☐ Níl ☐

Ainm na scoile óna ndeachaigh tú ar scor ____________________ Uimh. Rolla na Scoile ____________________

Ar bhain tú leas as an Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí? Bhain ☐ Níor bhain ☐

Má bhain, cén snáithe faoina ndeachaigh tú ar scor? Snáithe 1 ☐ Snáithe 2 ☐ Snáithe 3 ☐

| Taithí roimhe seo mar Scrúdaitheoir sna Scrúduithe Stáit: Cuir in iúl na blianta le do thoil | | | |
|---|---|---|---|
| Scrúdú Praiticiúil | Scrúdú Scríofa | Teangacha | Leibhéal (Ard/Gnáth/Bonn/Comh), más bainteach |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**3.** Cáilíocht(aí) ollscoile agus cáilíochtaí teagaisc eile

| Cáilíocht | Ainm na hOllscoile | Céim a baineadh amach | Bliain | Ábhair deiridh ag Leibhéal na Céime | Onóracha/ Ginearálta | Grád na nOnóracha |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Bunchéim | | | | | | |
| Céim(eanna) eile | | | | | | |
| Dioplóma(í) | | | | | | |

**4.(a)** Ábhair na hArdteistiméireachta Feidhmí atá á dteagasc agat **sa scoilbhliain reatha**: Tabhair mionsonraí le do thoil:

| Ábhar | Bliain 1/ Bliain 2 | Líon Blianta | Ábhar | Bliain 1/ Bliain 2 | Líon Blianta |
|---|---|---|---|---|---|
| Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht | | | Ceardaíocht & Dearadh | | |
| Gruaig & Sciamh | | | Cúram Leanaí/ Cúram Pobail | | |
| Staidéar Fóillíochta Gníomhaí | | | Talmhaíocht & Gairneoireacht | | |
| Grafaic & Staidéar Foirgníochta | | | Teicneolaíocht | | |
| Riarachán Oifige & Cúram Custaiméirí | | | Innealtóireacht | | |

**(b)** Ábhair na hArdteistiméireachta atá á dteagasc agat sa scoilbhliain **reatha**:

| Ábhair | Cuir in iúl líon na mblianta ag teagasc ábhar AT | Dátaí (e.g. Ean. '01– Noll.'07) |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

**(c)** Ábhair na hArdteistiméireachta Feidhmí a bhí á dteagasc agat **san am atá thart**: Tabhair mionsonraí le do thoil

| Ábhair | Cuir in iúl líon na mblianta ag teagasc ábhar ATF | Dátaí (e.g. Ean. '01– Noll.'07) |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |

**6**. An raibh tú ceaptha mar Scrúdaitheoir do Thrialacha Praiticiúla na hArdteistiméireachta Feidhmí in 2024? Bhí ☐ Ní raibh ☐

Deimhním go bhfuil an t-eolas a thugaim fíor. Tuigim nach féidir liom eolas faoi fheidhmíocht na n-iarrthóirí a nochtadh do dhuine ar bith eile seachas an CSS.

**Ba chóir aon eolas breise a bhainfeadh le d'iarratas a bhreacadh síos anois agus gan é a thabhairt nuair a thairgtear ceapachán:**

___________________________________________________________________________

Sínithe ……………………………………………………….… Dáta ……………………………….

**N.B. Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú. Cuirfear foirmeacha neamhchríochnaithe ar ais chugat lena comhlánú, d'fhéadfadh moill a bheith i gceist leis seo in aon cheapachán a d'fhéadfadh a bheith ann.**

---

**DEIMHNIÚCHÁN LE BHEITH SÍNITHE AG AN mBAINISTEOIR/AG AN bPRÍOMHOIDE**

Deimhním leis seo go bhfuilim sásta an t-iarratasóir seo a scaoileadh ó dhualgais scoile le gur féidir é/í a cheapadh mar scrúdaitheoir Praiticiúil ag scrúdú Praiticiúil ________________ na hArdteistiméireachta Feidhmí, 2025.

Stampa na Scoile nó an BOO, de réir mar is cuí

Síniú an Bhainisteora/an Phríomoide ____________________________________

Scoil ________________________________________ Dáta _______________

**N.B. Ní ghlacfar le haon síniú eile.**

***Forchoimeádann an CSS an ceart leis an eolas ar fad a fhíorú atá curtha ar fáil ar an bhfoirm iarratais, na cáilíochtaí san áireamh.***

# <u>Tascanna, Béaltrialacha agus Scrúduithe Praiticiúla ATF, 2025</u>

**NÓTAÍ MAR EOLAS DO NA HIARRATASÓIRÍ, COINNÍOLLACHA AN CHEAPACHÁIN SAN ÁIREAMH**

(Is iad Coinníollacha an Cheapacháin iad Nótaí 3-12)

1. Léigh na nótaí **<u>uile</u>** agus comhlánaigh an fhoirm ina hiomláine.
2. Ní mór grianghraf atá ar mhéid grianghraif pas a cheangal leis an bhfoirm mar atá iarrtha.
3. *<u>Ní mór</u> go mbeidh na hiarratasóirí uile cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta – Féach thíos.*

***Clárú na Comhairle Múinteoireachta***
*Ní mór go mbeidh gach duine atá ag tabhairt faoin bpost mar Scrúdaitheoir Béaltrialach/Praiticiúil/Taisc cláraithe ar Chlár na Múinteoirí atá coinnithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta leis an Acht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 a chomhlíonadh.*

***Cad atá le déanamh má táim cláraithe?***
*Comhlánaigh do mhionsonraí clárúcháin – uimhir chláraithe, d'ainm mar atá sé ar an gclár agus an dáta athnuachana – ar an bhfoirm iarratais. Deimhneoidh an CSS na mionsonraí clárúcháin i gcoinne an chláir. Cinntigh le do thoil go gcomhlánaíonn tú na mionsonraí seo mar má theipeann ort é seo a dhéanamh d'fhéadfadh moill a bheith le d'iarratas a phróiseáil.* ***Má tá tú cláraithe nuair a dhéanann tú iarratas agus má cheaptar tú ina dhiaidh sin, tá an fhreagracht ort féin a chinntiú nach n-imíonn do chlárú in éag agus go bhfuil tú cláraithe am na scrúduithe i mí Feabhra/mí an Mhárta/mí Aibreáin/ mí na Bealtaine.***

***Cad atá le déanamh <u>mura</u> bhfuilim cláraithe?***
*Comhlánaigh an fhoirm iarratais don phost mar Scrúdaitheoir Béaltrialach/Praiticiúil/Taisc ar an ngnáthbhealach ach luaigh nach bhfuil tú cláraithe. Cuir an fhoirm ar ais go dtí an CSS ar an ngnáthbhealach. Ach, ní mór duit* ***iarratas a dhéanamh láithreach*** *chuig an gComhairle Mhúinteoireachta ar chlárú agus bíodh na mionsonraí clárúcháin curtha isteach sula ndéantar na ceapacháin i mí na Nollag 2024 i gcás scrúdaitheoirí ag Tascanna Sheisiúin 1 & 3, agus i mí an Mhárta 2025 do scrúdaitheoirí Béaltrialacha/Praiticiúla/Tascanna Sheisiún 2.*

***Eolas tábhachtach faoin bPróiseas Clárúcháin***
*Tá an fhreagracht ar gach iarratasóir é/í féin a chinntiú go bhfuil sé/sí ar Chlár na Múinteoirí agus a (h)uimhir chláraithe a chur ar fáil don CSS, nuair a iarrtar í. D'fhéadfadh 6 – 8 seachtaine a bheith i gceist sa phróiseas clárúcháin, a chuimsíonn próiseas Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána, nuair atá na doiciméid uile atá ag teastáil faighte. Moltar d'iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar chlárú láithreach bonn. Ar chúiseanna riaracháin, éilíonn an CSS ar na hiarratasóirí uile a d'fhéadfadh a bheith ann do phoist scrúdúcháin i scrúduithe 2025, go mbeidh siad cláraithe ó mhí na Nollag 2024 i gcás scrúdaitheoirí ag Tascanna Sheisiúin 1 & 3 agus ó mhí an Mhárta 2025 i gcás scrúdaitheoirí Béaltrialacha/Praiticiúla/Tascanna Sheisiún 2. Tá eolas faoin bpróiseas clárúcháin, mionsonraí na dtáillí clárúcháin san áireamh, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta* www.teachingcouncil.ie*. Ní ghlacanna Coimisiún na Scrúduithe Stáit le haon dliteanas as táillí clárúcháin múinteora d'aon iarratasóir nach n-éiríonn leis/léi an riachtanas clárúcháin agus grinnfhiosrúcháin a chomhlíonadh laistigh den tréimhse ama shonraithe.*

4. Measfar gur conradh seirbhíse é an ceapachán chun an phoist mar Scrúdaitheoir do na Trialacha Béaltrialacha/Praiticiúla/Taisc. Beidh ar scrúdaitheoirí <u>a gcuid ama iomláin</u> a thabhairt don obair thar thréimhse an cheapacháin. Beidh ar na scrúdaitheoirí uile freastal ar chomhdháil le linn a tréimhse iomláine sula dtosaíonn siad leis an scrúdúchán. Ní mór na scrúduithe a reáchtáil i rith na ngnáthuaireanta scoile.

5. Ní chiallaíonn ceapachán mar scrúdaitheoir in aon bhliain áirithe go bhfuil an ceart ann ceapachán a fháil sna blianta ina diaidh.

6. Is gá do na scrúdaitheoirí uile a n-uimhir fón póca a chur ar fáil mar b'fhéidir go mbeidh orainn teagmháil a dhéanamh leat ar gearrfhógra agus muid ag druidim i dtreo na scrúduithe nó le linn na scrúduithe.

7. Beidh na costais taistil agus liúntais chothabhála a íoctar le scrúdaitheoir i gcomhréir le rialacháin na Roinne Airgeadais. Beidh na costais fhaofa uile a íoctar le foireann ar conradh atá fostaithe le haghaidh scrúduithe 2025 i gcomhréir le rátaí foilsithe na seirbhíse poiblí. Tá tuilleadh eolais ar fáil ón gcuid faoi *Eolas d'Fhoireann ar Conradh* de www.examinations.ie.

8. Déanfar na híocaíochtaí uile mar thoradh ar an gceapachán seo trí chóras ríomhaistrithe airgid (i.e. Paypath). Baileoimid do chuid sonraí bainc níos déanaí. Ní féidir íocaíocht eile a eagrú seachas go dtí cuntas bainc, dá bhrí sin coinníoll den fhostaíocht ná glacadh le híocaíocht go dtí cuntas bainc.

9. Má theipeann ort Treoracha an CSS a chomhlíonadh ina n-iomláine nó má ghníomhaíonn tú ar bhealach ina gcuirtear slándáil nó ardchaighdeán na scrúduithe i mbaol, tá tú faoi dhliteanas a bheith briste as post agus b'fhéidir go ndiúltófar ceapachán duit amach anseo. Má bhristear tú as do phost, ní bheidh aon éileamh agat ar chor ar bith i gcoinne an CSS d'íocaíocht ná do chostais.

10. Ba chóir d'iarratasóirí a thabhair faoi deara go ndéanfaidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit na hiarratais uile a mheas go cothrom agus go neamhchlaonta. Dícháileofar iarratasóirí a thugann eolas mícheart. Má dhéantar canbhasáil, dícháileofar an t-iarratas dá bharr.

11. <u>**Níl** na daoine seo a leanas incháilithe le bheith ceaptha nó le tabhairt faoi dhualgais scrúdúcháin:</u>

   (a) Múinteoirí neamhchláraithe (i.e. iad siúd nach bhfuil cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta)
   (b) Múinteoirí a d'imigh ar scor go luath faoi Shnáithe 1 den Scéim Luathscoir do mhúinteoirí.
   (c) Múinteoirí atá ar Saoire Mháithreachais Reachtúil íoctha ag am na gComhdhálacha nó i rith na tréimhse Scrúdúcháin.
   (d) Múinteoirí atá ar saoire bhreoiteachta íoctha/neamhíoctha.
   (e) Múinteoirí atá ar Saoire Fionraí/Riaracháin.
   (f) Múinteoirí a bhfuil pinsean míchumais á fháil acu. *

   * Déanfar iarratais ó mhúinteoirí a bhfuil pinsean míchumais á fháil acu a mheas nuair a fhaightear foirm tuairisce leighis chomhlánaithe. Tá an fhoirm seo ar fáil ach í a iarraidh ó (090) 644 2727/2732 nó sa chuid faoi Earcaíocht de www.examinations.ie.

12. Má tharlaíonn sé i ndiaidh duit ceapachán a ghlacadh nach mbeidh tú ar fáil, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an CSS ar an bhfón láithreach bonn agus a dheimhniú i litir, facs nó ríomhphost, nach bhfuil tú ar fáil. Ar an gcaoi chéanna, tar éis duit iarratas a dhéanamh ar cheapachán nó a dheimhniú go bhfuil tú ag glacadh leis, má tharlaíonn aon athrú sna cúinsí nach mbeifeá incháilithe le bheith ceaptha ní mór duit é a chur in iúl don CSS láithreach bonn.

13. Táthar ag súil ceapacháin a eisiúint chuig scrúdaitheoirí ATF mar seo a leanas-
   ATF- Tascanna Sheisiúin 1 & 3 i mí na Nollag 2024.
   ATF- Tascanna Béaltrialacha/Tascanna Sheisiún 2 i mí an Mhárta 2025.

14. I gceapachán Scrúdaitheoirí/Monatóirí do thionscadal/obair chúrsa phraitciúil, tabharfar tús áite do na hiarratasóirí sin a rinne iarratas freisin chun comhpháirteanna scrúdaithe scríofa a mharcáil.

15. Má mhothaíonn scrúdaitheoir go bhféadfadh a t(h)asc oibre cosc a chur ar a c(h)umas lena d(h)ualgais a fheidhmiú ar bhealach oibiachtúil, ba chóir dó/di an t-ábhar a chur faoi bhráid na Rannóige ábhartha, Coimisún na Scrúduithe Stáit (CSS) ag tabhairt mionsonraí. Áit a bhfuil an CSS sásta, ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil agus mar gheall ar a fhiosruithe féin go bhféadfaí baint d'fheidhmíocht an scrúdaitheora, déanfar gach iarracht chun an t-ábhar seo a réiteach tríd an scrúdaitheoir a athshannadh.

16. Ba chóir an seoladh "Rannóg ATF, Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 TP65" a chur ar an iarratas. Ba dó an Coimisiún a shroicheadh tráth nach déanaí ná an **25 Deireadh Fómhair 2024.** Ba teastas postais tacú le héilimh faoi chaillteanas postais nó moill leis. Ní mór postas a íoc ar gach iarratas.

17. Tá leaganacha Béarla den Fhoirm Iarratais agus na Nótaí ar fáil ach iad a iarraidh.

**Cosaint Sonraí**

Is rialaitheoir sonraí cláraithe é Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) le hOifig an Choimisinéara um Chosaint Sonraí. *Déanfar do shonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil san fhoirm iarratais seo a phróiseáil i gcomhréir le forálacha na nAchtanna um Chosaint Sonraí.*

*Déanfaidh an CSS do shonraí a phróiseáil chun críche riarachán d'iarratais ar phost foirne ar conradh leis an CSS. Má cheapaimid tú, déanfaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil i riarachán do chonartha leis an CSS. Cuimsíonn sé seo do ról sannta agus do dhualgas a riar i dtaca leis an scrúduithe stáit [lena n-áirítear, de réir mar is cuí, socruithe a dhéanamh; d'ionstraimí tástála a fhorbairt, d'eagrú agus do sheachadadh na scrúduithe; don mharcáil ar an obair a chuireann na hIarrthóirí i láthair; etc]. Usáidfimid na sonraí seo freisin le híocaíochtaí a dhéanamh i dtaca le do chonradh. Coinneoimid do chuid sonraí freisin agus b'fhéidir go mbainfimid úsáid as na sonraí seo ó am go ham chun teagmháil a dhéanamh leat lena chur in iúl duit faoi dheiseanna earcaíochta le Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Is féidir teacht ar mhionsonraí faoin bhFógra um Chosaint Sonraí de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit ar ár suíomh gréasáin* https://www.examinations.ie/cosaint-sonraí/

**Rochtain na n-iarrthóirí ar mharcanna béaltrialacha/praiticiúla**

Cuirfidh an CSS rochtain ar fáil d'iarrthóirí scrúdaithe ar a mharcanna comhpháirte, marcanna béaltrialacha agus praiticiúla san áireamh, tar éis na torthaí sealadacha a eisiúint agus roimh dhátaí deiridh na n-achomharc ar an Ardteistiméireacht agus ar an tSraith Shóisearach. Is é an marc a chuirtear ar fáil do gach comhpháirt an marc a bheidh údaraithe ag an bPríomhscrúdaitheoir agus a chuirfear i leith an iarrthóra chun críche an grád a ríomh. (In ábhair áirithe, beidh an marc a bhronn an scrúdaitheoir tar éis a bheith faoi réir próisis mhodhnóireachta mar chuid de chaighdeánú obair na scrúdaitheoirí agus/nó d'fhéadfadh an marc a bheith faoi réir ualaithe a cuireadh i bhfeidhm ar an gcomhpháirt sin mar chuid den phróiseas grádaithe.) Tá an t-eolas seo á chur ar fáil d'iarrthóirí de réir mheon na Reachtaíochta um Chosaint Sonraí a chiallaíonn gur féidir le hiarrthóirí iarratas a dhéanamh chuig an CSS ar rochtain a dhéanamh ar chóipeanna dá gcuid sonraí pearsanta ar fad, a scripteanna scrúdaithe san áireamh.